# Iníon

le hÁine Durkin



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Iníon

Príomhthéama an Dáin/Carachtair an Dáin/
Íomhanna/Mothúcháin/Teicnící Fileata


## ‘Aithníonn an fhuil a chéile’

(Seanfhocal)



# Iníon


Príomhthéama an dáin



**Coimhlint**


Is é príomhthéama an dáin seo ná coimhlint agus na deacrachtaí a bhaineann le coimhlint i gcaidreamh. Tosaíonn an dán seo le híomhá an-láidir '[t]á deora i do shúile anois'. Tús spleodrach agus pléascach é sin a chuireann an choimhlint i saol an fhile agus a hiníne i láthair go láidir.

Tá iníon an fhile ar buile, tá sí ag argóint lena máthair agus deir sí rudaí atá 'gontach' agus 'searbh'. Ní bhraitheann an iníon go dtuigeann a máthair í "'Níl clue a'd, Mom"' a deir sí agus í lán le frustrachas. Léiríonn an ráiteas sin nach bhfuil meas ag an iníon ar thuairimí a máthar agus go gceapann sí nach bhfuil tuiscint aici ar dheacrachtaí a saoil. Cuireann an easpa tuisceana seo isteach go mór ar an iníon agus cruthaíonn sé coimhlint agus aighneas idir í agus an file. Cuireann úsáid na cainte díríí leis an gcoimhlint atá sa véarsa seo, tá glór na hiníne le cloisteáil agus tá pian agus gortú le sonrú ann. Agus iníon an fhile 'ag iompú [uaithi] le fearg' críochnaíonn an chéad véarsa lán le coimhlint, le haighneas agus le neamhchinnteacht.




# Iníon

Príomhthéama an dáin



Tá sé an-soiléir ansin go spreagann an choimhlint theasaí idir an iníon agus an file tréimhse mhachnaimh a leagann béim ar choimhlint inmheánach an fhile. Tá an file gortaithe ag an argóint agus is léir go dtuigeann sí níos mó ná mar a cheapann a hiníon. ‘Bhí mise freisin i d’áitse tráth/[i] mo dhéagóir meidhreach cool,’.

Tá coimhlint inmheánach le sonrú anseo, tuigeann an mháthair an gá atá ag a hiníon le neamhspleáchas agus le saoirse ach tá sí ag iarraidh a hiníon a chosaint ón mbaol sa saol. Cheap an file tráth gur ‘óinseach cheart’ a máthair féin ‘a chuir cosa i dtaca’ roimpi ach anois tuigeann sí ‘ciall’ a máthar agus tá sí ag iarraidh an choimhlint lena hiníon a leigheas.



Tá coimhlint le sonrú san iníon freisin, tá sí crosta lena máthair ‘ag iompu [uaithi] le fearg’ ach tá ‘deora’ ina súile. Tá sí gortaithe ag an gcoimhlint lena máthair freisin agus ní theastaíonn uaithi a bheith in adharca léi. Deir an file go gceapann a hiníon ‘go dteimpim [uirthi]’ ach ní thuigeann sí gur á cosaint atá sí.

# Iníon

Príomhthéama an dáin

Déanann an file iarracht an choimhlint sa dán a cheansú le grá agus le tuiscint. Leis an ráiteas "'Tuigim duit, a chroí'", léiríonn an file an grá atá aici dá hiníon agus an bá atá aici léi. Labhraíonn sí go díreach lena hiníon a rá lé nach bhfuil 'aon lá nár mhéadaigh mo ghrá/ó tháinig tusa ar an saol'.

Críochnaíonn an file an dán leis an bhfocal 'saol' rud atá spéisiúil agus fealsúnach. Is cuid den saol í an choimhlint, is rud nádúrtha í a tharlaíonn i gcaidreamh grámhar ar bith. Tá sé sláintiúil agus folláin go bhfuil iníon an fhile ag iarraidh a saol féin a bhaint amach di féin, rud a aithníonn an file. Cé go músclaíonn an grá coimhlint sa dán seo, mar sin, ceallaíonn an grá céanna an choimhlint freisin.



# Iníon

**‘Má tá an t-ádh leat go bhfuil máthair, seanmháthair agus iníon agat, tá grá i do shaol.’**

Áine Durkin




Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Iníon

Na Carachtair sa Dán



**An File**


Tá an dán seo scríofa sa dara pearsa agus an file ag labhairt go díreach lena hiníon. Léiríonn úsáid an dara pearsa gur duine an-tuisceanach agus grámhar í an file. Aithníonn an file go bhfuil 'deora' i súile a hiníne toisc go bhfuil sí suaite agus gortaithe. Cé go dtugann a hiníon 'ráiteas gontach searbh' uaithi, ní fhreagraíonn an file í. Ní dhéanann sí breithiúnas ar a hiníon, tuigeann sí go bhfuil sí ag fulaingt agus trína chéile. Is máthair mhaith í dá bharr.

Is duine machnamhach í an file agus caitheann sí tréimhse ag cuimhneamh ar a hóige agus ar an tslí a chaith sí go dímheasúil lena máthair féin. Cheap sí gur 'óinseach cheart' a máthair agus í ina déagóir í féin toisc gur chuir sí 'cosa i dtaca romham'. Bhí an file breithiúnach agus í óg, ag iarraidh saoirse a bhaint amach di féin agus gan a bheith faoi bhois an chait ag a máthair. Ní raibh sí in ann comhbhá a dhéanamh lena máthair an t-am sin. Anois 'agus iníon óg [aici] féin', tuigeann an file buairt, imní, ciall agus grá na máthar níos fearr.

Ar deireadh, aithníonn an file an strus atá ar a hiníon agus go bhfuil an caidreamh atá eatarthu casta. 'Is ceapann tú go dteipim ort' a deir sí léi ach deimhníonn sí a grá di, grá atá buan agus a bheidh ann go deo. Is cuma céard a tharlóidh sa saol, beidh grá acu dá chéile go deo.

# Iníon


Na Carachtair sa Dán



**An Iníon**

Is carachtar uilíoch í iníon an fhile sa dán seo agus tá sé éasca go leor ionannú léi. Is déagóir í atá in adharca lena máthair. Tá taithí ag gach duine ar an bhfrustrachas agus ar an bhfearg atá ar an iníon agus í ag iarraidh neamhspleáchas agus saoirse a bhaint amach di féin. Deir an iníon nach bhfuil ‘clue’ ag a máthair agus ceapann sí nach dtuigeann a máthair í.

Tá frustrachas ag baint leis an easpa tuisceana seo agus mothaíonn an iníon crosta lena máthair. Iompaíonn sí óna máthair ‘le fearg’, rud a léiríonn nach n-aontaíonn an iníon le cinntí agus le tuairimí a máthar. Cé go bhfuil fearg ar an iníon, is léir gur duine leochailleach agus mothúchánach í freisin. Luann an file go bhfuil ‘deora’ i súile a hiníne. Is léir nach dtaitníonn coimhlint léi ach an oiread agus go ngortaíonn é í a bheith ag argóint lena máthair.



# Iníon

## Na Mothúcháin

### Fearg


Tá fearg ar an iníon sa dán seo. Ní aontaíonn sí lena máthair, ceapann sí nach dtuigeann sí í agus cuireann an choimhlint eatarthu isteach go mór uirthi.

### Frustrachas

Tá frustrachas ar an mbeirt charachtar sa dán seo. Tá frustrachas ar an iníon sa chéad véarsa nuair a deir sí '"Níl clue a'd, Mom!'" Iompaíonn sí óna máthair le teann frustrachais. Tá frustrachas ar an bhfile freisin. Deir sí lena hiníon go raibh sí 'freisin i d'áitse tráth,/i mo dhéagóir meidhreach cool,' agus go bhfuil sí ag iarraidh a chur ina luí ar a hiníon go dtuigeann sí a cás. Tá frustrachas uirthi toisc nach gcreideann a hiníon sin.

### Brón

Tá brón ar an bhfile go bhfuil sí in adharca lena hiníon. Cuireann sé brón uirthi go bhfuil siad ag argóint lena chéile agus nach bhfuil cúrsaí go maith eatarthu.




**Grá**

Is é an mothúchán is mó atá le sonrú sa dán seo ná grá. Tá grá an domhain ag an bhfile dá hiníon. San fhíseán agus í ag caint ar a dán deir Áine Durkin go bhfuil an ‘grá tábhachtach sa saol.’ Tá sé tábhachtach go léiríonn an file dá hiníon go bhfuil grá aici di, in ainneoin na coimhlinte agus na hargóna ‘tuigim duit, a chroí,/ach níl aon lá nár mhéadaigh mo ghrá/ó tháinig tusa ar an saol.’ Tá sábháilteacht sa ghrá, tugann an grá spás don iníon botúin a dhéanamh agus a bheith macánta lena máthair toisc go bhfuil grá gan choinníoll ag a máthair di.

Tá grá le feiceáil freisin idir an file agus a máthair féin. Léirigh an file drochmheas ar a máthair agus í ag ceapadh gur ‘óinseach cheart’ a bhí inti toisc gur ‘chuir sí cosa i dtaca’ roimpi agus í ina déagóir óg. Tá grá le feiceáil, áfach, i véarsa a trí nuair a labhraíonn an file faoi ‘c[h]iall na máthar sin’ agus an aire a thug sí di. Teastaíonn ón bhfile an grá céanna a thaispeáint dá hiníon féin.

# Iníon

Teicnící Fileata sa Dán



**Caint dhíreach**

Tá caint dhíreach le feiceáil sa chéad véarsa. Tugann an file guth dá hiníon '"Níl clue a'd, Mom!' a dúirt tú liom,"'. Tá sin tábhachtach mar ligeann an file dá hiníon labhairt as a stuaim féin agus ar mhaithe léi féin. Ní dhéanann sí iarracht caint a chur ina mbéal, tugann sí cead cainte di. Léiríonn sé sin go bhfuil meas ag an bhfile ar a hiníon, in ainneoin nach n-aontaíonn sí léi.



**An Dara Pearsa**

Tá an dán seo scríofa sa dara pearsa, rud atá an-spéisiúil. Labhraíonn an file go díreach lena hiníon féin sa dán seo 'Tá deora i do shúile', 'do ráiteas gontach searbh', 'ó tháinig tusa ar an saol'. Cruthaíonn an dara pearsa atmaisféar grámhar agus pearsanta sa dán agus léiríonn sé láidreacht an chaidrimh idir an file agus a hiníon, in ainneoin na hargóna atá eatarthu.

# Iníon

Teicnící Fileata sa Dán

**Íomhánna láidre**


Tá a lán íomhánna láidre in úsáid ag an bhfile sa dán seo le teachtaireachtaí spéisiúla a chur in iúl don léitheoir. Sa chéad véarsa, feictear íomhá dá hiníon atá suaite, í ag caoineadh agus í 'ag iompú [ón bhfile] le fearg'. Sa dara véarsa tá íomhá ann den fhile í féin agus í ina 'déagóir meidhreach cool' agus í ag déanamh comparáide idir í féin agus a iníon.



Sa tríú véarsa tugtar íomhá mháthair an fhile dúinn, bean a raibh 'ciall' aici agus a thug 'comhairle láidir threán di'. Sa véarsa deireanach, tá íomhá álainn ann den fhile ag dearbhú a grá dá hiníon, ag insint di nach bhfuil 'lá nár mhéadaigh mo ghrá/ó tháinig tusa ar an saol.' Tá comparáidí, codarsnachtaí agus macallaí le feiceáil sna híomhánna seo a cheanglaíonn trí ghlúin le chéile go grámhar agus go buan.

# Iníon

Teicnící Fileata sa Dán



**Codarsnacht/Comparáid**

Tá codarsnacht le feiceáil idir meon an fhile agus meon na hiníne. Tá easpa tuisceana ann, tá siad ar a mhalairt de thuairim faoi rudaí. Tá codarsnacht le feiceáil freisin idir an file agus í ina déagóir agus a máthair féin. Bhí aighneas eatarthu tráth.

Tá comparáid le feiceáil idir an file agus a máthair féin. Anois agus 'iníon óg a'm fhéin', a deir an file, tuigeann sí a máthair níos fearr. Tá an file ar aon intinn lena máthair anois, tuigeann sí í ar bhealach nár thuig sí í go dtí go raibh a hiníon féin aici. Tá comparáid á déanamh ag an bhfile ar an gcaidreamh a bhí aici lena máthair agus an caidreamh atá aici lena hiníon.

**Athrá**

Tá athrá ar an bhfocal tuiscint go minic sa dán seo, rud a chuireann béim ar cheann de mhórábhair an dán. 'Tuigim ciall na máthar sin' a deir an file agus í ag cuimhneamh ar a caidreamh lena máthair féin. Tá athrá ar an bhfocal arís nuair a deir an file go '[d]tuigim duit, a chroí'. Léiríonn an file bá lena máthair anois agus í ina máthair í féin agus léiríonn sí bá lena hiníon toisc go raibh sí ina déagóir í féin tráth. Cuireann an t-athrá seo béim ar thábhacht na tuisceana agus an chineáltais i gcaidreamh ar bith.

# Iníon

